Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Aibreán 2025**
**(OR. en)**

**7663/1/25**
**REV 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0077(COD)**

**EF 95**
**ECOFIN 380**
**CODEC 367**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 146 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa a mhéid a bhaineann le ceanglais le haghaidh idirbhearta um maoiniú urrús faoin gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 146 final.

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 31.3.2025
COM(2025) 146 final

2025/0077 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa a mhéid a bhaineann le ceanglais le haghaidh idirbhearta um maoiniú urrús faoin gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SWD(2025) 77 final}

GA GA

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Is é is aidhm don togra seo Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 (an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil nó CRR) a leasú chun an cur chuige idirthréimhseach atá ann faoi láthair i leith cheanglas an Chóimheasa Glanchistiúcháin Chobhsaí (CGCC) a choinneáil ar bun.

Tá ceanglas CGCC ina chuid de chaighdeáin idirnáisiúnta Basel III, ar ceanglas é a chomhaontaigh an tAontas Eorpach a chur chun feidhme mar chuid den athchóiriú fadréimseach ar an gcreat stuamachta le haghaidh banc i ndiaidh ghéarchéim airgeadais dhomhanda 2008. Is é is aidhm do cheanglas CGCC a áirithiú go mbeidh foinsí cistithe chobhsaí ag na bainc chun a ngníomhaíochtaí a chistiú agus chun a spleáchas ar chistiú mórdhíola gearrthéarmach a laghdú. Ceapadh é chun an riosca claochlaithe aibíochta a mhaolú, agus é ina cheanglas rialála atá comhsheasmhach ar fud an domhain, a bhfuil sé d'aidhm aige cóineasú a chothú ar fud dlínsí agus deireadh a chur le deiseanna arbatráiste rialála trasteorann.

Go sonrach, tugtar isteach le caighdeán CGCC Basel íoscheanglas maidir leis an méid cistithe chobhsaí nach mór do na bainc a eisiúint chun a ngníomhaíochtaí a mhaoiniú, bunaithe ar phróifíl leachtachta a sócmhainní. Maolaíonn sé riosca leachtachta bainc trí leibhéal cistithe chobhsaí cheangailtigh a shocrú, ar leibhéal é atá bunaithe ar shócmhainní an bhainc, a chuirtear i gcomparáid ansin leis an gcistiú cobhsaí atá ar fáil a eascraíonn as a n-ionstraimí dliteanais.

Le hIdirbhearta um Maoiniú Urrús, mar a shainmhínítear faoi Airteagal 4(1), pointe 139 den Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil, cuimsítear cineálacha éagsúla idirbhirt urraithe ina malartaítear sócmhainní (comhthaobhacht) ar airgead tirim: (i) athcheannaigh (idirbhearta athcheannaigh) agus athcheannaigh droim ar ais (idirbhearta athcheannaigh droim ar ais), (ii) iasachtú urrús, (iii) ceannaigh/aisdíol, agus (iv) iasachtú corrlaigh. Is iad na hidirbhearta athcheannaigh agus na hidirbhearta athcheannaigh droim ar ais an sciar is mó d'idirbhearta um maoiniú urrús, is é sin 68 % den iomlán, agus ina dhiaidh sin an t-iasachtú urrús (23 %), ceannaigh/aisdíol (8 %), agus an t-iasachtú corrlaigh (1 %) (sonraí mhí Mheán Fómhair 2023)[1].

Is éard is idirbheart athcheannaigh ann idirbheart iasachta comhthaobhaithe arb idirbheart gearrthéarmach é de ghnáth. Is éard is idirbheart athcheannaigh droim ar ais ann idirbheart iasachta comhthaobhaithe, lena léirítear idirbheart athcheannaigh, i gcás ina gceannaíonn banc (an t-iasachtóir) urrúis nó tráchtearraí (i.e. comhthaobhacht) go sealadach ó chontrapháirtí (an t-iasachtaí) mar mhalairt ar airgead tirim lena ngabhann gealltanas an chomhthaobhacht a dhíol ar ais amach anseo ar phraghas réamhchinntithe.

Is éard is idirbhearta iasachta neamhurraithe ann iasachtaí nach bhfuil urraithe le haon chomhthaobhacht. Tá siad bunaithe ar acmhainneacht creidmheasa an iasachtaí agus geallann siad aisíocaíocht a dhéanamh. Fuarthas iad go príomha ar na margaí idirbhainc roimh ghéarchéim airgeadais dhomhanda 2008.

Ó bhí géarchéim airgeadais dhomhanda 2008 ann agus ó bhí dúnadh na margaí idirbhainc neamhurraithe ann, bhí ról ríthábhachtach ag idirbhearta um maoiniú urrús i gcúrsaíocht an chistithe ghearrthéarmaigh idir bainc agus gníomhaithe margaidh trí idirbhearta comhthaobhaithe. Le gníomhaíocht mhargaidh na n-idirbheart um maoiniú urrús, nasctar an margadh airgid gearrthéarmach leis an margadh caipitil níos fadtéarmaí freisin. Déantar formhór na n-idirbheart um maoiniú urrús a chomhthaobhú le fiachas ceannasach. Is saintréith

[1] Tuarascáil Mhargaidh ESMA maidir le margaí idirbheart um maoiniú urrús an Aontais (tagairt ESMA50-524821-3147), a foilsíodh an 9 Aibreán 2024.

d'idirbhearta um maoiniú urrús í gníomhaíocht ghnó ardtoirte íseal-chorrlaigh le haghaidh banc mór, agus bíonn iomaíocht idirnáisiúnta i gceist leis an ngníomhaíocht mhargaidh mhórdhíola sin mar a léirítear le cineál fíor-thrasteorann na n-idirbheart sin. Níl ach 41 % de mhéideanna idirbhearta um maoiniú urrús an Aontais idir contrapháirtithe de chuid an Aontais, agus bíonn contrapháirtí amháin nach bhfuil san Aontas i gceist le 59 % de mhéideanna idirbhearta um maoiniú urrús an Aontais[2].

I gcás airgid atá dlite ó idirbhearta um maoiniú urrús a bhfuil aibíochtaí suas le 6 mhí fágtha acu, ceanglaítear le caighdeán CGCC Basel ceanglas coimeádach neamhnialasach cistithe chobhsaí cheangailtigh ar bhainc. Is é an cuspóir atá ann neamhchosaintí gearrthéarmacha iomarcacha idir bainc a dhíspreagadh, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le tógálacht le linn tréimhsí anáis airgeadais.

Cuireadh caighdeán CGCC chun feidhme i ndlí an Aontais an 20 Bealtaine 2019 trí leasú a dhéanamh ar an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil (CRR2). Tháinig na ceanglais ghaolmhara i bhfeidhm ag deireadh mhí an Mheithimh 2021. Ina thogra lena leasaítear an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil, a foilsíodh an 23 Samhain 2016[3], mhol an Coimisiún go mbainfí úsáid bhuan as leibhéil chistithe chobhsaí cheangailtigh atá níos ísle ná na leibhéil a áirítear i gComhaontú Basel. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid an tráth sin 'gur cosúil go bhfuil sé réasúnta athruithe teoranta a dhéanamh ar láimhseáil idirbheart gearrthéarmach le hinstitiúidí airgeadais, agus ar sócmhainn leachtach ardchaighdeáin Leibhéal 1 [chun/gan] bac a chur ar dhea-fheidhmiú mhargaí airgeadais agus athcheannaigh an Aontais. Tá na hargóintí agus an anailís as ar eascair an cur chuige sin agus an measúnú tionchair a ghabhann leis an togra ón gCoimisiún fós bailí[4].

Mar sin féin, cheadaigh na comhreachtóirí ceanglas idirthréimhseach cistithe chobhsaí cheangailtigh 0 % — in ionad an chistithe chobhsaí cheangailtigh 10 % a shonraítear i gcaighdeáin Basel III agus an ceanglas níos ísle (5 %) a mhol an Coimisiún — le haghaidh airgead atá dlite ó idirbhearta um maoiniú urrús a bhfuil aibíochtaí suas le 6 mhí acu, nuair a dhéantar é a chomhthaobhú le Sócmhainní Leachtacha Ardcháilíochta Leibhéal 1 (HQLA)[5], amhail fiachas ceannasach. Tá an fhoráil sin le dul in éag i mí an Mheithimh 2025, nuair a bheadh feidhm ag an gceanglas cistithe chobhsaí cheangailtigh a leagtar amach i gcaighdeán Basel. Bhí sé d'aidhm ag an bhforáil idirthréimhseach dóthain ama a thabhairt do na bainc iad féin a chur in oiriúint don cheanglas níos coimeádaí a fhorchuirtear le caighdeáin Basel agus aon éifeacht iarmhartach ar mhargadh caipitil an Aontais, agus go háirithe ar mhargadh an fhiachais cheannasaigh, a mhaolú.

Comhaontaíodh forálacha idirthréimhseacha comhchosúla freisin le haghaidh airgead atá dlite ó idirbhearta um maoiniú urrús arna gcomhthaobhú le sócmhainní seachas sócmhainní leachtacha ardchaighdeáin Leibhéal 1 agus le haghaidh idirbhearta neamhurraithe

2 Tuarascáil Mhargaidh ESMA maidir le margaí idirbheart um maoiniú urrús an Aontais (tagairt ESMA50-524821-3147), a foilsíodh an 9 Aibreán 2024.

3 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mhéid a bhaineann leis an gcóimheas giarála, leis an gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí, leis na ceanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe, leis an riosca creidmheasa contrapháirtí, leis an riosca margaidh, leis na neamhchosaintí ar chontrapháirtithe lárnacha, leis na neamhchosaintí ar ghnóthais chomhinfheistíochta, leis na neamhchosaintí móra, leis na ceanglais tuairiscithe agus nochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (EUR-Lex - 52016PC0850 - GA - EUR-Lex).

4 Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin maidir leis an measúnú tionchair, a ghabhann leis an togra lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta (EUR-Lex — 52016SC0377 — GA — EUR-Lex).

5 Sócmhainní Leachtacha Ardchaighdeáin mar a shainmhínítear faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus go háirithe Airteagal 460.

gearrthéarmacha le custaiméirí airgeadais. Níl na neamhchosaintí sin chomh hábhartha céanna i gcomparáid leis an airgead atá dlite ó idirbhearta um maoiniú urrús arna gcomhthaobhú le sócmhainní leachtacha ardchaighdeáin Leibhéal 1. Tá corrlaigh níos airde ina saintréith orthu freisin. Na saintréithe cistiúcháin bunúsacha agus tionchar leibhéal na bhfachtóirí cistithe chobhsaí cheangailtigh le haghaidh na n-idirbheart sin ar an leachtacht margaidh, sin a bhí i mbreithnithe na gcomhreachtóirí agus láimhseáil idirthréimhseach le haghaidh na n-idirbheart sin á deonú acu, go háirithe na sócmhainní a fhaightear mar chomhthaobhacht in idirbhearta um maoiniú urrús.

Leis an muirear stuamachta idirthréimhseach arna shainiú ag comhreachtóirí, coinnítear difríocht sa cheanglas cistithe chobhsaí atá comhsheasmhach le caighdeán Basel idir airgead atá dlite ó idirbhearta um maoiniú urrús arna gcomhthaobhú le sócmhainní leachtacha ardchaighdeáin Leibhéal 1, amhail bannaí ceannasacha, agus airgead atá dlite ó idirbhearta um maoiniú urrús arna gcomhthaobhú le sócmhainní eile. Mar sin féin, seachas aghaidh a thabhairt ar an nasc idir na bainc cheannasacha, rannchuidíonn sé gan an brú ar chomhthaobhacht an-ardcháilíochta a mhéadú. Tacaíonn sé freisin leis an leachtacht margaidh agus le héagsúlacht na sócmhainní comhthaobhachta atá incháilithe do mhaolán leachtachta na mbanc, faoin gCóimheas Cumhdaigh Leachtachta.

Maidir le hidirbhearta cistiúcháin neamhurraithe a bhfuil aibíochtaí iarmharacha is lú ná 6 mhí acu le custaiméirí airgeadais, is é is aidhm don láimhseáil idirthréimhseach ceanglas cistiúcháin comhréireach a chur i bhfeidhm maidir leis na hidirbhearta sin, i gcomhréir lena bpróifíl riosca cistiúcháin, agus tacú le hathbheochan an mhargaidh cistiúcháin neamhurraithe a chuaigh as feidhm tar éis ghéarchéim airgeadais dhomhanda 2008. Go deimhin, ba cheart idirbhearta cistithe neamhurraithe a mheas mar chomhlánú riachtanach ar idirbhearta cistithe urraithe amhail idirbhearta um maoiniú urrús, chun tacú le leachtacht fhoriomlán an mhargaidh agus le tarchur beartais airgeadaíochta, go háirithe le linn tréimhsí géaraithe beartais airgeadaíochta.

Tá cóireáil idirthréimhseach glactha ag na Stáit Aontaithe, ag an Ríocht Aontaithe, ag an tSeapáin agus ag an Eilvéis atá cosúil le cóireáil idirthréimhseach an Aontais, ach tá cóireáil bhuan déanta de na tíortha sin. Áitíonn gníomhaireachtaí na Stát Aontaithe 'go ndearnadh sannadh fhachtóir cistithe chobhsaí cheangailtigh 0 % bunaithe ar an gcinneadh go mbaineann riosca leachtachta íosta le sócmhainní leachtacha ardchaighdeáin Leibhéal 1 agus go gcuireann sé go mór le dea-fheidhmiú margaí cistiúcháin gearrthéarmacha, i.e. go bhféadfadh fachtóir neamhnialasach cistithe chobhsaí cheangailtigh ar sócmhainní leachtacha ardchaighdeáin Leibhéal 1 idirghabháil i margaí Státchiste agus athcheannaigh na Stát Aontaithe a dhíspreagadh'[6].

Is ábhar imní é deireadh na córa idirthréimhsí atá ann faoi láthair agus an géarú ar cheanglas CGCC san Aontas mar thoradh air sin. D'fhéadfadh sé bainc an Aontais a dhíspreagadh ó idirghabháil a dhéanamh in ollfhiachas rialtais agus leachtacht sna margaí sin a laghdú toisc go mbeadh na hidirbhearta ardtoirte sin le corrlaigh ísle níos costasaí. Má mhéadaítear a thuilleadh costais na n-idirbheart sin nuair a oibríonn contrapháirtithe an Aontais iad, cé go mbaineann 59 % d'idirbhearta an Aontais le contrapháirtí amháin neamh-AE cheana féin, d'fhéadfadh sé tarraingteacht contrapháirtithe neamh-AE nó margaí caipitil neamh-AE a fhorbairt. Thiocfadh sé sin salach ar fhorbairt agus ar inbhuanaitheacht na margaí caipitil agus ar leachtacht le haghaidh sócmhainní comhthaobhachta san Aontas, amhail bannaí ceannasacha. Dá méadódh an tAontas fachtóirí an chistithe chobhsaí cheangailtigh le haghaidh na n-idirbheart sin ar bhealach aontaobhach, dhéanfadh sé an chothroime iomaíochta idirnáisiúnta a shaobhadh, rud

[6] Féach measúnú CBMB mhí Iúil 2023 ar rialacháin CGCC Basel — na Stáit Aontaithe (Clár um Measúnú Comhsheasmhachta Rialála (RCAP):Measúnú ar chaighdeán Cóimheas Glanchistiúcháin Chobhsaí Choiste Basel — na Stáit Aontaithe).

a chuirfeadh bainc an Aontais faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid le piaraí neamh-AE atá ag feidhmiú na gníomhaíochta sin atá an-iomaíoch ar bhonn idirnáisiúnta. Ar bhealach éigin, bheadh atreisiú na míchothroime iomaíochta ag teacht salach ar cheann de chuspóirí tosaigh chaighdeáin Basel chun tacú le cur chun feidhme ceanglas rialála atá comhsheasmhach ar fud an domhain agus chun deiseanna arbatráiste rialála trasteorann a laghdú.

Os a choinne sin, ach an láimhseáil reatha a choinneáil ar bun, i gcomhréir leis an gcur chuige atá á úsáid i ndlínsí eile, d'fhéadfaí tacú le margadh fiachais cheannasaigh atá leachtach agus tarraingteach agus margadh domhain idirbheart um maoiniú urrús d'ionstraimí comhthaobhachta an Aontais a fhorbairt.

Tá sé cruthaithe go bhfuil na ceanglais atá ann faoi láthair fónta ó thaobh na stuamachta de ó tháinig siad i bhfeidhm i lár 2021 agus is cosúil nach bhfuil aon imní ardaithe acu maidir le cobhsaíocht airgeadais, go háirithe le linn na dtréimhsí struis a tharla le déanaí (fogha na Rúise, géarchéim mhargadh sárurrúis na Ríochta Aontaithe, suaitheadh baincéireachta mhí an Mhárta 2023). Ó lár 2021, tá maoláin láidre CGCC forbartha ag bainc an Aontais, sa bhreis ar na híoscheanglais, faoi réir maoirseacht leanúnach ag údaráis inniúla. Leanfar d'fhaireachán a dhéanamh ar aon éifeacht a bhaineann leis an láimhseáil idirthréimhseach a choinneáil ar bun agus beidh sí faoi réir grinnscrúdú maoirseachta leordhóthanach, lena n-áirítear grinnscrúdú ar chleachtais chistiúcháin agus ar phróifíl riosca leachtachta na mbanc, trí mhaoirseacht leanúnach agus trí thuarascálacha tréimhsiúla.

Faoi Airteagal 510(7) de CRR2, ceanglaítear ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar a ábhartha atá láimhseáil idirthréimhseach CGCC an airgid atá dlite ó idirbhearta um maoiniú urrús agus ó idirbhearta neamhurraithe, le custaiméirí airgeadais, a bhfuil aibíocht iarmharach is lú ná 6 mhí acu, faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2024, bunaithe ar thuarascáil ón Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE). Mar a mhínítear i Roinn 3, ní dhearnadh anailís i dtuarascáil ÚBE ach ar an tionchar ar leibhéil CGCC na mbanc, rud a dhealraítear a bheith diomaibhseach. Mar sin féin, léirítear in anailís níos leithne na héifeachtaí neamh-inmhianaithe a d'fhéadfadh a bheith ann dá mbogfaí i dtreo an chistithe chobhsaí cheangailtigh a fhorordaítear le Comhaontú Basel. Tá ról ríthábhachtach ag margadh idirbhearta um maoiniú urrúis an Aontais maidir le hollfhiachas rialtais an Aontais a mhaoiniú ós rud é go ndéantar formhór na n-idirbheart um maoiniú urrús a chomhthaobhú le fiachas ceannasach. Ina theannta sin, tríd an láimhseáil idirthréimhseach a choinneáil ar bun tacaítear le leachtacht agus le héagsúlacht na sócmhainní atá incháilithe freisin do mhaolán leachtachta na mbanc faoin gcóimheas cumhdaigh ar leachtacht. Go deimhin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé iomchuí an dá ghné de na ceanglais leachtachta a dhínascadh óna chéile.

Tá sé tábhachtach freisin go ndéanfar na céimeanna atá ann cheana idir fachtóirí an chistithe chobhsaí cheangailtigh maidir le comhthaobhacht bannaí ceannasacha agus comhthaobhacht eile a úsáidtear in idirbhearta um maoiniú urrús a choinneáil ar bun toisc go ndéanfadh sé sin difear don tosaíocht le haghaidh ceann amháin nó an chinn eile, rud a d'fhágfadh go mbeadh an baol ann go dtreiseofaí an brú ar chomhthaobhacht ardcháilíochta (atá gann), sa bhreis ar rannchuidiú leis an nasc idir na bainc cheannasacha.

Tá an margadh maoinithe neamhurraithe le haghaidh banc imithe as feidhm tar éis ghéarchéim airgeadais dhomhanda 2008 agus ní dhearnadh é a athbheochan riamh, go leibhéal mór ar a laghad. Tá feidhm cheana féin ag fachtóir chistithe chobhsaí cheangailtigh neamhnialasaigh maidir le hidirbhearta neamhurraithe gearrthéarmacha faoi CGCC. Ní dhéanfaidh méadú ar an bhfachtóir sin próifíl stuamachta na mbanc a neartú go hábhartha, i.e. bheadh tionchar diomaibhseach ar CGCC, agus d'fhéadfadh sé úsáid idirbheart cistiúcháin neamhurraithe, idirbhearta a d'fhéadfadh a bheith ina gcabhair i dtréimhse géaraithe ar an mbeartas airgeadaíochta, a dhíspreagadh.

Ach leibhéal an chistithe chobhsaí cheangailtigh is infheidhme maidir le hairgead atá dlite ó idirbhearta um maoiniú urrús agus ó idirbhearta neamhurraithe a mhéadú, d'fhéadfaí bainc an Aontais a dhíspreagadh ó idirghabháil a dhéanamh in ollfhiachas rialtais agus i gcomhthaobhacht eile agus leachtacht a laghdú i margaí caipitil an Aontais ar an iomlán. Ní thiocfaidh athrú ábhartha ar mheánleibhéal chóimheas CGCC bhainc an Aontais atá le sonrú cheana féin os cionn na n-íoscheanglas agus atá faoi réir maoirseachta leanúnaí ag údaráis inniúla cheana féin mar thoradh ar mhéadú ar chistiú chobhsaí cheangailtigh le haghaidh na n-idirbheart sin. Dá bhrí sin, ní dhéanfaidh sé athrú bunúsach ar phróifíl stuamachta bhainc an Aontais. Dá réir sin, d'fhéadfadh sé sin costais chistithe a mhéadú do na Ballstáit agus do ghníomhaithe margaidh an Aontais i dtréimhse beartais airgeadaíochta normalaithe nuair atá coinne leis go laghdóidh bainc ceannais a láithreacht sa mhargadh agus nuair atá coinne leis go nglacfaidh gníomhaithe sa mhargadh príobháideach ceannas orthu.

Chun iarmhairtí neamhbheartaithe a d'fhéadfadh a bheith ann ar leachtacht na margaí caipitil a sheachaint agus i bhfianaise na gcoimircí dá bhforáiltear leis an gcreat atá ann faoi láthair do na bainc, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún leanúint den láimhseáil idirthréimhseach i gcás airgead atá dlite ó idirbheart um maoiniú urrú agus i gcás idirbhearta neamhurraithe a bhfuil aibíocht iarmharach is lú ná 6 mhí acu, le custaiméirí airgeadais. Sa bhreis ar an bhfaireachán leanúnach a dhéanann bainc ceannais ar fhorbairtí sa mhargadh caipitil agus ar an maoirseacht leanúnach a dhéanann údaráis inniúla, molann an Coimisiún freisin sainordú a thabhairt do ÚBE tionchar na láimhseála sin a thuairisciú gach 5 bliana. Chuirfeadh sé sin ar a chumas don Choimisiún gníomhú dá réir agus leasuithe a mholadh má thagann fianaise chun cinn ó na tuarascálacha faireacháin tréimhsiúla sin.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Faoi Airteagal 510(7) den Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil, ceanglaíonn na comhreachtóirí go sainráite ar an gCoimisiún togra reachtach a thíolacadh, i gcás inarb iomchuí. Ní mór a chur san áireamh sa togra seo tionchar na láimhseála atá ann cheana ar CGCC na n-institiúidí agus an riosca cistiúcháin a bhaineann le hidirbhearta um maoiniú urrús agus le hidirbhearta neamhurraithe a bhfuil aibíocht iarmharach is lú ná 6 mhí acu, le custaiméirí airgeadais. Cuimsítear i sainordú an Choimisiúin freisin cothrom iomaíochta idirnáisiúnta a choinneáil ar bun sa réimse sin, réimse ina mbíonn iomaíochta idirnáisiúnta go háirithe.

Tá coinneáil ar bun láimhseáil idirthréimhseach CGCC a leagtar amach in Airteagal 428r(1)(g), Airteagal 428s(1)(b) agus Airteagal 428v(a) den Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil i gcomhréir leis an sainordú sin.

Ar an gcéad dul síos, cé go gcuireann bainc an Aontais maoláin CGCC leordhóthanacha os cionn a n-íoscheanglas i láthair agus go mbaineann siad tairbhe as maoirseacht leanúnach ar a n-acmhainneacht cistiúcháin, tacóidh coinneáil ar bun na láimhseála idirthréimhsí le forbairt margaí caipitil leachtacha san Aontas agus le hinfhaighteacht comhthiomsaithe éagsúlaithe de shócmhainní leachtacha incháilithe faoin gCóimheas Cumhdaigh Leachtachta. Tacaíonn idirbhearta um maoiniú urrúis le hurrúis a chlaochlú go tapa agus go hordúil ina n-airgead tirim ar phraghas eacnamaíoch, rud atá ina phríomhghné chun luach airgid a chur ar chomhthiomsuithe leachtachta. D'fhéadfadh margadh idirbheart um maoiniú urrús a ndearnadh difear dó éifeachtacht an chóimheasa chumhdaigh leachtachta a chur i mbaol, arb é a loighic maolán sócmhainní leachtacha a bheith ann ar féidir iad a chlaochlú go héasca ina n-airgead tirim trí idirbhearta um maoiniú urrús nó a dhíol ar na margaí, i gcás ina mbeidh cás strus leachtachta 30 lá ann.

Ansin, ar bhonn níos leithne, tríd an gcóir idirthréimhseach a choinneáil ar bun, coinneofar ceanglais chistiúcháin an Aontais ailínithe le príomhdhlínsí eile agus seachnófar imeacht

aontaobhach ón gcomhdhearcadh idirnáisiúnta a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don chothroime iomaíochta do bhainc an Aontais. Le cur chuige buan, tabharfar an deimhneacht dhlíthiúil is gá do pháirtithe leasmhara i ndáil le marthanacht agus cobhsaíocht a ngníomhaíochtaí gnó.

Ar deireadh, leis an gcur chuige sin — bunaithe ar thuarascáil thréimhsiúil ó ÚBE — cuirtear ar a chumas don Choimisiún leasuithe a mholadh má thagann fianaise chun cinn a thacaíonn leis na leasuithe sin.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Is é is aidhm don leasú atá beartaithe ar an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil gníomhaíocht mhargaidh na n-idirbheart um maoiniú urrús agus leachtacht mhargaí an fhiachais cheannasaigh san Aontas a chaomhnú, rud a chuirfidh le héifeachtúlacht mhargaí baincéireachta agus caipitil an Aontais gan an bonn a bhaint den chobhsaíocht airgeadais.

Mar thoradh ar an measúnú ar mhéid an ailínithe le caighdeáin stuamachta idirnáisiúnta, arna mheas freisin leis an tionchar a bheidh aige ar an ngeilleagar, measadh nár eascair ábhair imní mhóra maidir le cobhsaíocht airgeadais as an láimhseáil idirthréimhseach atá ann faoi láthair, mar a léiríodh go háirithe leis na tréimhsí struis a tharla le déanaí (fogha na Rúise, géarchéim mhargadh sárurrúis na Ríochta Aontaithe, suaitheadh baincéireachta mhí an Mhárta 2023) nár nochtadh ábhair imní mhéadaithe maidir le riosca cistiúcháin i mbainc an Aontais. Cé nach scoir na láimhseála idirthréimhsí difear mór do phróifíl stuamachta na mbanc, d'fhéadfadh sé go n-athrófaí leachtacht an mhargaidh go diúltach, go háirithe ar mhargadh an fhiachais cheannasaigh.

Tríd an láimhseáil idirthréimhseach atá ann faoi láthair a choinneáil ar bun ar staid sheasta le tuairisciú rialta agus maoirseacht leanúnach ag údaráis inniúla, soláthrófar deimhneacht dhlíthiúil do rannpháirtithe sa mhargadh, rud a thacóidh le marthanacht agus cobhsaíocht a ngníomhaíochtaí gnó. Chuirfeadh láimhseáil chobhsaí stuamachta ar airgead atá dlite ó idirbhearta um maoiniú urrús agus ó idirbhearta neamhurraithe le cobhsaíocht an chreata tuairiscithe do bhainc freisin, ós rud é go mbeadh gá leis na teimpléid thiomnaithe a choigeartú chun an raon feidhme a athrú.

Chomh maith leis an láimhseáil idirthréimhseach a choinneáil ar bun le haghaidh idirbhearta um maoiniú urrús atá comhthaobhaithe le fiachas ceannasach, trí leanúint den láimhseáil idirthréimhseach ar airgead atá dlite ó idirbhearta um maoiniú urrús atá comhthaobhaithe le sócmhainní eile, tacófar le héagsúlú mhaoláin leachtachta na mbanc agus le maolú na nasc idir na bainc cheannasacha.

Trí fhachtóir an chistithe chobhsaí cheangailtigh a bhfuil feidhm aige ó mhí an Mheithimh 2021 maidir le hidirbhearta neamhurraithe gearrthéarmacha le custaiméirí airgeadais a choinneáil, rannchuideofar le húsáid na n-idirbheart sin i gcomhthéacs géarú an bheartais airgeadaíochta, mar chomhlánú ar idirbhearta urraithe. Thacódh sé sin, dá réir sin, le leachtacht fhoriomlán na margaí caipitil agus, ar deireadh, le maoiniú leordhóthanach an fhíorgheilleagair.

Tríd an gcothroime iomaíochta a chosaint idir an tAontas agus mórdhlínse eile a bhfuil láimhseáil stuamachta chomhchosúil CGCC curtha chun feidhme acu cheana féin ar bhonn buan, rannchuideoidh an leasú atá beartaithe le tacú le hiomaíochas agus tarraingteacht mhargaí caipitil an Aontais agus le ról idirghabhála bhainc an Aontais. I ndeireadh na dála, rannchuidíonn idirghabhálaithe gníomhacha an Aontais ar mhargaí idirbheart um maoiniú urrús agus ar mhargaí doimhne leachtachta an Aontais le haghaidh sócmhainní comhthaobhachta,

amhail bannaí ceannasacha, le costais chistiúcháin níos ísle do gheilleagar foriomlán an Aontais.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá na leasuithe atá beartaithe bunaithe ar an mbunús dlí céanna (Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE)) agus atá na gníomhartha reachtacha atá á leasú.

- **Coimhdeacht**

I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, 'ní ghníomhóidh an tAontas, sna réimsí nach dtig faoina inniúlacht eisiach, ach amháin mura féidir agus a mhéad nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na gníomhaíochta arna beartú a ghnóthú go leordhóthanach bíodh sé ar leibhéal lárnach nó ar leibhéal réigiúnach nó ar an leibhéal áitiúil, ach gur féidir, de bharr fhairsinge nó éifeachtaí na gníomhaíochta arna beartú, na cuspóirí sin a ghnóthú níos fearr ar leibhéal an Aontais.'

Ós rud é go bhfuil sé d'aidhm ag an mbeart atá beartaithe reachtaíocht an Aontais atá ann cheana a leasú, is fearr is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais seachas trí thionscnaimh náisiúnta éagsúla. Bheadh sé deacair bearta náisiúnta a ghlacadh ó thaobh an dlí de ós rud é go bhfuil an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil infheidhme go díreach agus go rialaítear ceanglais leachtachta baincéireachta agus ceanglais stuamachta cistiúcháin leis cheana féin ar an leibhéal náisiúnta.

In earnáil na baincéireachta, áit a n-oibríonn a lán institiúidí ar fud mhargadh aonair an Aontais, tá sé thar a bheith tábhachtach a áirithiú go gcuirfear ceanglais stuamachta i bhfeidhm go caighdeánach, go ndéanfar cleachtais mhaoirseachta a chóineasú agus go mbeidh cothroime iomaíochta ann do sheirbhísí baincéireachta.

- **Comhréireacht**

Faoi phrionsabal na comhréireachta, ní rachaidh inneachar agus foirm ghníomhaíocht an Aontais thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí na gConarthaí a bhaint amach.

Is iad spriocanna na dtograí iomaíochas agus tarraingteacht gheilleagar an Aontais a áirithiú trí mhargaí caipitil éifeachtacha le haghaidh idirbhearta um maoiniú urrús, bannaí ceannasacha agus sócmhainní comhthaobhachta eile, gan rioscaí breise cobhsaíochta airgeadais a chruthú do bhainc an Aontais.

Faoin togra seo, coinnítear ar bun cumas bhainc an Aontais ceanglas CGCC a chomhlíonadh le maoláin stuamachta shubstainteacha gan a spleáchas ar chistiú gearrthéarmach a mhéadú an iomarca.

Ina theannta sin, ní théann na leasuithe atá beartaithe thar raon feidhme na mbeart idirthréimhseach a leagtar amach in Airteagal 510(8) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Níl aon athrú ar na ceanglais leachtachta uile eile a fhorchuirtear faoi Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

- **An rogha ionstraime**

Tá sé beartaithe na bearta a chur chun feidhme tríd an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil a leasú. Leis na bearta atá beartaithe tagraítear do na forálacha atá ann cheana a leagtar amach

sa Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil nó déantar iad a fhorbairt a thuilleadh. Ní fhéadfaí aon ionstraim dlí eile a úsáid.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach. Baineann an leasú atá beartaithe le gníomhaíocht shonrach i gcomhréir le sainordú an Choimisiúin, a leagtar amach in Airteagal 510(7) den Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil, togra reachtach a thíolacadh chun aghaidh a thabhairt ar ghné an-spriocdhírithe den Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil (i.e. fachtóirí chistithe chobhsaí cheangailtigh is infheidhme maidir le hidirbhearta um maoiniú urrús agus idirbhearta neamhurraithe, a bhfuil aibíocht iarmharach is lú ná 6 mhí acu, le custaiméirí airgeadais). Ní meastóireacht ná athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil ina iomláine é an tionscnamh seo.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Tá roinnt beart déanta ag an gCoimisiún agus chuir sé tionscnaimh éagsúla i gcrích chun measúnú a dhéanamh an leor fós an láimhseáil idirthréimhseach atá ann faoi láthair le haghaidh idirbheart um maoiniú urrús agus idirbhearta neamhurraithe a bhfuil aibíocht iarmharach is lú ná 6 mhí acu, le custaiméirí airgeadais, i bhfianaise chuspóirí an chreata stuamachta do bhainc agus chuspóirí beartais níos leithne an Aontais.

Chuir an Coimisiún san áireamh an tuarascáil ó ÚBE maidir le gnéithe sonracha de chreat an chóimheasa glanchistiúcháin chobhsaí, a foilsíodh an 16 Eanáir 2024 agus a chomhlíonann an ceanglas a leagtar amach in Airteagal 510(6) den Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil[7]. Mar sin féin, níor cumhdaíodh i dtuarascáil ÚBE na gnéithe ábhartha uile a bhaineann leis an tsaincheist, amhail an tionchar ar tharchur beartais airgeadaíochta, ar mhargaí bannaí ceannasacha agus ar mhargaí comhthaobhachta eile. Bhí sé ina ghné amháin den anailís bheartais níos leithne a rinne an Coimisiún.

Bhí an Coimisiún ag plé le rannpháirtithe éagsúla ón tionscal, le maoirseoirí agus leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) agus mhalartaigh sé tuairimí leo.

Ghlac an Coimisiún páirt freisin i bplé tiomnaithe fhochoiste an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais um Margaí Fiachais Cheannasaigh an Aontais, coiste a léiríonn tuairimí oifigí bainistíochta fiachais na mBallstát, agus chuir sé leis an bplé sin. D'athdhearbhaigh comhaltaí an fhochoiste na hábhair imní a léirítear in Aithrisí 49 agus 50 de CRR 2[8] gur príomhuirlisí iad idirbhearta um maoiniú urrús chun beartas airgeadaíochta a tharchur agus gur ionstraimí criticiúla iad do mhargadh príomhúil agus tánaisteach an fhiachais cheannasaigh. Ach an

7 Foilsíonn ÚBE anailís ar ghnéithe sonracha de chreat an chóimheasa ghlanchistiúcháin chobhsaí | an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (https://www.eba.europa.eu/publications-and-media/press-releases/eba-publishes-analysis-specific-aspects-net-stable-funding).

8 Rialachán (AE) 2019/876 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mhéid a bhaineann leis an gcóimheas luamhánaithe, leis an gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí, leis na ceanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe, leis an bpriacal creidmheasa contrapháirtí, leis an bpriacal margaidh, leis na risíochtaí ar chontrapháirtithe lárnacha, leis na risíochtaí ar ghnóthais chomhinfheistíochta, leis na risíochtaí móra, leis na ceanglais tuairiscithe agus nochta, agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2019/876/oj/eng)

muirear stuamachta ar idirbhearta um maoiniú urrús a mhéadú, bheadh tionchar aige sin, dar le Comhaltaí an fhochoiste, ar an gcothroime iomaíochta idir gníomhaithe margaidh caipitil an Aontais agus gníomhaithe margaidh caipitil neamh-AE agus d'fhéadfadh sé tionchar diúltach a imirt ar leachtacht agus ar chostas iasachtaíochta i margaí fiachais cheannasaigh na hEorpa.

Tá breithniú déanta ag an gCoimisiún ar na hábhair imní a chuir trí Bhallstát in iúl go poiblí i dtaca leis an tsaincheist sin[9]. Tá idirbhearta um maoiniú urrús de chuid an Aontais comhchruinnithe den chuid is mó i roinnt Ballstát, agus is í an Fhrainc an príomhshainchónaí a bhfuil 55 % d'iasachtaí idirbheart um maoiniú urrús de chuid an Aontais ina seilbh i mí Mheán Fómhair 2023. Contrapháirtithe eile iad an Ghearmáin (ag a bhfuil 17 % d'iasachtaí idirbheart um maoiniú urrús de chuid an Aontais), an Iodáil (7 %) agus Éire (5 %). D'fhéadfaí an comhchruinniú sin a mhíniú leis an ról lárnach atá ag Tithe Imréitigh na Lár-Chontrapháirte (LCH, EuroNext Clearing agus EUREX Clearing) agus ag bainc a bhfuil sainchónaí orthu sna Ballstáit sin agus a ghníomhaíonn mar chomhaltaí imréitigh. Déanann institiúidí airgeadais a neamhchosaintí a chomhchruinniú i mBallstáit ina n-oibríonn contrapháirtithe lárnacha chun an riosca a bhainistiú agus an t-imréiteach a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtúla. Rannchuidíonn contrapháirtithe lárnacha le 20 % d'idirbhearta um maoiniú urrús, agus úsáideann siad idirbhearta um maoiniú urrús ina straitéisí athinfheistíochta airgid.

Idir an 10 Feabhra 2025 agus an 10 Márta 2025, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach glao ar fhianaise maidir lena rún leasú a dhéanamh ar an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil i ndáil le láimhseáil stuamachta idirbheart um maoiniú urrús gearrthéarmach chun críche CGCC. Forbraítear achoimre mhionsonraithe sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis an togra.

Leag na malartuithe agus na comhairliúcháin sin go léir béim ar a ríthábhachtaí atá idirbhearta um maoiniú urrús éifeachtúla de chuid an Aontais, cistiú neamhurraithe agus margaí bannaí rialtais tráth a bhfuil BCE tiomanta d'athruithe ar a bheartas airgeadaíochta a bhraitheann níos mó de réir a chéile ar mhargaí na n-idirbheart um maoiniú urrús agus na n-idirbheart airgeadais neamhurraithe chun leachtacht a athdháileadh i measc idirghabhálaithe airgeadais. D'iarr na Ballstáit, oifigí bainistíochta fiachais, bainc agus idirghabhálaithe margaidh caipitil ar an gCoimisiún na rialacha reatha a leasú agus an láimhseáil idirthréimhseach a choinneáil ar bun.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Sa bhreis ar an méid a luaitear sa roinn roimhe seo, choinnigh an Coimisiún teagmháil rialta ar bun le baill foirne in ÚBE, san Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí, sa Sásra Aonair Maoirseachta (SAM) agus in BCE.

- **Measúnú tionchair**

Fuarthas amach i dtuarascáil ÚBE maidir le gnéithe sonracha de chreat an Chóimheasa Ghlanchistiúcháin Chobhsaí nach mbeadh ach tionchar teoranta ag deireadh an bhirt idirthréimhsigh ar mheánleibhéal CGCC bhainc an Aontais.

Mar sin féin, leis an tionchar teoranta sin ceiltear tionchar níos mó ar bhainc atá níos gníomhaí sna margaí caipitil. Thairis sin, d'fhéadfadh maolán bainistíochta níos lú a bheith ag cuid de na bainc sin toisc, go ginearálta, go ndéantar CGCC a chalabrú go coimeádach le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin. D'fhéadfadh sé nach mbeadh toimhde leanúnach an chláir chomhardaithe i dtuarascáil ÚBE iomchuí i gcónaí, is é sin toimhde atá bunaithe ar an toimhde nach ndéantar difear d'iompar bainc nuair a chomhlíontar íoscheanglais. Is amhlaidh atá toisc go bhfágann sé as an áireamh na tionchair dhinimiciúla agus iompraíochta a d'fhéadfadh a bheith ann a

[9] Letter made public by Politico (https://www.politico.eu/wp-content/uploads/2024/10/03/Letter-to-DG-Berrigan_241002_152826.clean_.pdf)

bhaineann le hiarracht bainc sprioc CGCC ar leith a bhaint amach. Déantar dearmad sa tuarascáil freisin go bhféadfadh bainc neamh-AE sciar den mhargadh a fháil ar bhainc de chuid an Aontais bunaithe ar chothroime iomaíochta idirnáisiúnta atá míchothrom.

Ach leibhéal an chistithe chobhsaí cheangailtigh is infheidhme maidir le hairgead atá dlite ó idirbhearta um maoiniú urrús a mhéadú, d'fhéadfaí bainc an Aontais a dhíspreagadh ó idirghabháil a dhéanamh in ollfhiachas rialtais agus difear a dhéanamh don leachtacht sna margaí comhthaobhachta lena mbaineann. Is é a d'fhéadfadh a bheadh mar thoradh air sin na raonta difríochta idir tairiscint agus iarraidh a bheith níos airde agus méadú i gcostais chistithe le haghaidh na Ballstát i dtréimhse beartais airgeadaíochta normalaithe nuair atá coinne leis go laghdóidh bainc ceannais a láithreacht sa mhargadh agus nuair atá coinne leis go nglacfaidh gníomhaithe sa mhargadh príobháideach ceannas orthu.

Braithfidh na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann d'idirbhearta um maoiniú urrús de chuid an Aontais agus do ghníomhaíocht mhargadh na mbannaí rialtais ar a mhéid is féidir le bainc méadú ar fhachtóirí an CGCC a chur ar aghaidh chuig raonta difríochta iarrtha tairisceana i margadh na n-idirbheart um maoiniú urrús. D'fhéadfadh ról cruthaithe margaidh na mbanc is mó a ndéantar difear dóibh a léiriú go bhfuil an costas rialála sách ard nó fiú go bhfuil sé á chur ar aghaidh go hiomlán. An tráth céanna, d'fhéadfadh sé go mbeadh dreasacht ag bainc an cur ar aghaidh sin a theorannú toisc go bhféadfadh sé iomaíocht a mhealladh ó bhainc nach bainc de chuid an Aontais iad.

D'fhéadfadh iarmhairtí a bheith ag aon mhéadú ar an muirear cistiúcháin a bhaineann le leibhéal cistithe chobhsaí cheangailtigh ar leachtacht mhargaí an fhiachais cheannasaigh, rud a mbeadh impleachtaí aige do leachtacht bhannaí NextGenerationEU. Leis sin, dhéanfaí na hábhair imní a cuireadh in iúl tráth thogra CRR2 a dheimhniú[10].

Níl an tionchar ar bhainc nach bainc de chuid an Aontais iad atá ag feidhmiú i margadh idirbheart um maoiniú urrús de chuid an Aontais chomh soiléir céanna. Is iondúil gurb iad fochuideachtaí an Aontais a dhéanann na gníomhaíochtaí lena mbaineann, fochuideachtaí a bheadh faoi réir na gceanglas CGCC céanna atá i bhfeidhm maidir le bainc an Aontais. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go mbeidís in ann na gníomhaíochtaí sin a aistriú chuig brainsí nó oibríochtaí trasteorann, agus, in aon chás, bheidís in ann filleadh ar an ngníomhaíocht le tacaíocht óna máthairchuideachta chun an méadú a neodrú. I mbeagán focal, d'fhéadfadh grúpaí baincéireachta nach bhfuil san Aontas i ndlínsí áirithe an tionchar a bheadh ag méadú ar CGCC a neodrú, ós rud é nach mbeadh ceanglais stuamachta chomhchosúla rompu maidir leis na neamhchosaintí sin tar éis mhí an Mheithimh 2025. Gan gníomhaíocht shonrach ón Aontas, bheadh míchothroime iomaíochta idirnáisiúnta ann mar thoradh ar an staid sin.

- Oiriúnacht rialála agus simpliú

Tá an tionscnamh seo an-sonrach agus an-spriocdhírithe. Mar thoradh air sin, ní dhéanann sé difear d'oiriúnacht rialála ná do shimpliú.

---

10 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mhéid a bhaineann leis an gcóimheas giarála, leis an gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí, leis na ceanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe, leis an riosca creidmheasa contrapháirtí, leis an riosca margaidh, leis na neamhchosaintí ar chontrapháirtithe lárnacha, leis na neamhchosaintí ar ghnóthais chomhinfheistíochta, leis na neamhchosaintí móra, leis na ceanglais tuairiscithe agus nochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (EUR-Lex - 52016PC0850 - GA - EUR-Lex).

- **Cearta bunúsacha**

Tá an tAontas tiomanta d'ardchaighdeáin i dtaca le cosaint na gceart bunúsach agus tá raon leathan coinbhinsiún maidir le cearta an duine sínithe aige. Ní dócha go mbeidh tionchar díreach ag an togra ar na cearta a liostaítear i bpríomhchoinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe maidir le cearta an duine, i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, atá mar dhlúthchuid de Chonarthaí an Aontais, agus sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl impleachtaí ag baint leis an togra seo do bhuiséad an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Lasmuigh den fhaireachán rialta ar mhargaí caipitil, d'athbhreithnithe maoirseachta, de chleachtaí tástála struis agus de bhailiú sonraí a dhéanann bainc ceannais agus údaráis mhaoirseachta, lena n-áirítear ar leibhéal an Aontais, leagtar amach sa togra go ndéanfaidh ÚBE faireachán freisin ar éifeachtaí na leasuithe ar CGCC na mbanc agus ar leachtacht na margaí comhthaobhachta foluiteacha gach 5 bliana. Níor cheart ualach breise tuairiscithe ar bhainc an Aontais a thabhairt isteach le forbairt na tuarascála tréimhsiúla faireacháin toisc go bhféadfadh sí brath ar fhaisnéis mhargaidh atá ar fáil agus ar na ceanglais tuairiscithe maoirseachta atá ann cheana.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Scriostar le hAirteagal 1 an fhoráil idirthréimhseach a leagtar amach in Airteagal 510(8) den Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil chun an láimhseáil atá ann cheana le haghaidh airgead atá dlite ó idirbhearta um maoiniú urrús agus idirbhearta neamhurraithe a bhfuil aibíocht iarmharach is lú ná 6 mhí acu, le custaiméirí airgeadais, a choinneáil ar bun. Leasaítear Airteagal 510(6) le hAirteagal 1 freisin chun faireachán tréimhsiúil a thabhairt isteach i gcás ina dtugtar sainordú do ÚBE tuairisc a thabhairt don Choimisiún gach 5 bliana maidir le hoiriúnacht na láimhseála. Tá Airteagal 510(7) iomarcach anois agus dá bhrí sin scriostar é.

2025/0077 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa a mhéid a bhaineann le ceanglais le haghaidh idirbhearta um maoiniú urrús faoin gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach ([11]),

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([12]),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2019/876 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13], tugadh isteach i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14] an ceanglas maidir leis an gCóimheas Glanchistiúcháin Chobhsaí (CGCC). Léiríodh leis an gceanglas sin cuid de chaighdeáin Basel III, *i.e.* na caighdeáin idirnáisiúnta a chomhaontaigh Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht (CBMB), ar caighdeáin iad a forbraíodh chun a áirithiú go mbeadh cistiú cobhsaí leordhóthanach ag institiúidí creidmheasa ar feadh tréimhse bliana, agus ar an gcaoi sin chun neamhréir aibíochta iomarcach idir sócmhainní agus dliteanais agus róbhrath ar chistiú mórdhíola gearrthéarmach a chosc. Ó bhí an 28 Meitheamh 2021 ann tá feidhm ag ceanglas CGCC mar a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le hinstitiúidí creidmheasa.

---

11 IO C , , lch.

12 IO C , , lch.

13 Rialachán (AE) 2019/876 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mhéid a bhaineann leis an gcóimheas luamhánaithe, leis an gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí, leis na ceanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe, leis an bpriacal creidmheasa contrapháirtí, leis an bpriacal margaidh, leis na risíochtaí ar chontrapháirtithe lárnacha, leis na risíochtaí ar ghnóthais chomhinfheistíochta, leis na risíochtaí móra, leis na ceanglais tuairiscithe agus nochta, agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 150, 7.6.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/876/oj).

14 Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/575/oj).

(2) Le hAirteagal 428r(1), pointe (g), le hAirteagal 428s(1), pointe (b), agus le hAirteagal 428v, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, déantar foráil faoi láthair maidir leis na fachtóirí cistiúcháin chobhsaí le haghaidh airgead atá dlite ó idirbhearta maoiniúcháin le custaiméirí airgeadais, i gcás ina bhfuil aibíocht iarmharach is lú ná 6 mhí ag na hidirbhearta sin. Is iad 0 %, 5 % nó 10 % na fachtóirí cistiúcháin sin, ag brath ar an idirbheart maoiniúcháin lena mbaineann. Le hAirteagal 510(8) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, áfach, déantar foráil maidir le hardú go 10 %, 15 % agus 15 % faoi seach ar na fachtóirí cistiúcháin sin, faoin 28 Meitheamh 2025. Is é ab aidhm don ardú iarchurtha sin am leordhóthanach a thabhairt d'institiúidí creidmheasa dul in oiriúint de réir a chéile do chalabrú níos coimeádaí agus measúnú a dhéanamh ar cé acu a bhí nó nach raibh an calabrú sin iomchuí. De bhreis ar an ardú iarchurtha sin, glacadh coigeartuithe eile chun a áirithiú nár fhág tabhairt isteach cheanglas CGCC gur suaitheadh leachtacht na margaí comhthaobhachta gaolmhara, lena n-áirítear margaí bannaí flaithiúnais.

(3) Faoi Airteagal 510(6), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, tugadh sainordú don Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) measúnú a dhéanamh ar a iomchuí atá láimhseáil an chistithe chobhsaí is gá chun an riosca cistiúcháin a chumhdach a bhaineann le hidirbhearta um maoiniú urrús agus le hidirbhearta neamhurraithe le custaiméirí airgeadais i gcás ina bhfuil aibíocht iarmharach is lú ná 6 mhí ag na hidirbhearta um maoiniú urrús agus ag na hidirbhearta neamhurraithe sin. I gcomhréir leis an sainordú sin, sholáthair ÚBE tuarascáil ar ghnéithe sonracha de CGCC an 16 Eanáir 2024[15] Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil sin go mbeadh tionchar diomaibhseach ag ardú na bhfachtóirí cistiúcháin, dá bhforáiltear in Airteagal 510(8) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ar leibhéil CGCCanna na n-institiúidí. Mar sin féin, ní dhéantar measúnú sa tuarascáil ar an ngné níos leithne agus ar na héifeachtaí seach-iarmharta ar leachtacht mhargaí an fhiachais cheannasaigh agus na mbannaí. Na breithnithe ba chionsiocair le hiarchur an ardaithe sin, tá siad fós i réim. Go sonrach, ós rud é go bhfuil formhór na n-idirbheart um maoiniú urrús comhthaobhaithe le hionstraimí fiachais cheannasaigh, d'fhéadfadh ardú ar an gcistiú cobhsaí ceangailteach gaolmhar an leachtacht sna margaí lena mbaineann a laghdú. D'fhéadfadh an riosca a bheith ann, dá réir sin, go gcruthófaí costais bhreise chistiúcháin do na Ballstáit agus go n-athrófaí sásraí tarchurtha beartais airgeadaíochta.

(4) Ina theannta sin, rinne dlínsí chomhaltaí eile CBMB leibhéil an chistithe chobhsaí cheangailtigh a shocrú le haghaidh idirbhearta um maoiniú urrús atá comhionann leis na leibhéil is infheidhme faoi láthair. Sa chomhthéacs sin, i bhfianaise na géariomaíochta idirnáisiúnta i margadh na n-idirbheart um maoiniú urrús, chruthófaí éagothroime iomaíochta idirnáisiúnta a dhéanfadh dochar do mhargaí airgeadais an Aontais ach méadú teacht ar na fachtóirí cistiúcháin an 28 Meitheamh 2025.

(5) Chun na hiarmhairtí neamhbheartaithe sin a sheachaint, ba cheart na fachtóirí cistiúcháin chobhsaí atá ann faoi láthair le haghaidh idirbhearta um maoiniú urrús agus idirbhearta neamhurraithe le custaiméirí airgeadais a dhéanamh buan, i gcás ina bhfuil aibíocht iarmharach is lú ná 6 mhí ag na hidirbhearta sin, mar a leagtar síos in Airteagal 428r(1), pointe (g), in Airteagal 428s(1), pointe (b), agus in Airteagal 428v, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

---

[15] Tuarascáil ón Údarás Baincéireachta Eorpach an 16 Eanáir 2024 maidir le gnéithe sonracha de chreat NSFR faoi Airteagal 510 (4), (6) agus (9) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 (EBA/Rep/2024/01) (https://www.eba.europa.eu/sites/default/files/2024-01/8d7c0d40-2d79-4763-bd9c-ad66c0bf4076/Report%20on%20specific%20aspects%20of%20the%20NSFR%20creat%20under%20Art%20510%20CRR.pdf).

(6) Chun faireachán leordhóthanach a áirithiú ar na hidirghníomhaíochtaí le leachtacht margaidh na sócmhainní a fhaightear mar chomhthaobhacht in idirbhearta um maoiniú urrús agus in idirbhearta neamhurraithe le custaiméirí airgeadais, i gcás ina bhfuil aibíocht iarmharach is lú ná 6 mhí ag na hidirbhearta sin, lena n-áirítear idirbhearta arna gcomhthaobhú le fiachas ceannasach, an riosca cistiúcháin le haghaidh institiúidí creidmheasa, agus forbairtí idirnáisiúnta a d'fhéadfadh a bheith ann sa réimse sin, ba cheart do ÚBE tuairisciú don Choimisiún Eorpach gach 5 bliana maidir le hoiriúnacht na gceanglas cistithe chobhsaí sin.

(7) Chun leanúnachas na láimhseála stuamachta a áirithiú le haghaidh airgead atá dlite ó idirbhearta um maoiniú urrús agus le haghaidh idirbhearta neamhurraithe, le custaiméirí airgeadais, ag a bhfuil aibíocht iarmharach is lú ná 6 mhí, mar a shonraítear faoi Airteagal 428r(1), pointe (g), faoi Airteagal 428s(1), pointe (b), agus faoi Airteagal 428v, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán atá beartaithe ón 29 Meitheamh 2025 ar aghaidh. Dá gcuirfí deireadh sealadach leis an láimhseáil, chruthófaí éiginnteacht dhlíthiúil le haghaidh rannpháirtithe sa mhargadh agus ualach riaracháin agus airgeadais míchuí le haghaidh earnáil baincéireachta an Aontais i gcoitinne, éiginnteacht agus ualach a d'fhéadfaí a mhaolú ach an dáta a mheastar a thiocfaidh na forálacha lena mbaineann i bhfeidhm a leagan síos go soiléir.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013**

Leasaítear Airteagal 510 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 mar a leanas:

(1) leasaítear mír 6 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'Déanfaidh ÚBE faireachán ar mhéid an chistithe chobhsaí a theastaíonn chun an riosca cistiúcháin a chumhdach a bhaineann le hidirbhearta um maoiniú urrús, lena n-áirítear na sócmhainní a fhaightear nó a thugtar sna hidirbhearta sin, agus le hidirbhearta neamhurraithe, le custaiméirí airgeadais, i gcás ina bhfuil aibíocht iarmharach is lú ná 6 mhí ag na hidirbhearta sin. Tuairisceoidh ÚBE don Choimisiún faoin 31 Eanáir 2029, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, maidir le hiomchuí an cheanglais sin. Agus forbairtí idirnáisiúnta agus láimhseáil rialála idirbheart comhchosúil i ndlínsí eile á gcur san áireamh, déanfar measúnú sna tuarascálacha ar an méid seo a leanas ar a laghad:';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (d) agus (e):

'(d) leordhóthanacht na láimhseála neamhshiméadraí idir dliteanais ag a bhfuil aibíocht iarmhair is lú ná 6 mhí arna soláthar ag custaiméirí airgeadais atá faoi réir fachtóir 0 % den chistiú cobhsaí atá ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 428k(3), pointe (c), agus sócmhainní a thagann as idirbhearta ag a bhfuil aibíocht iarmharach is lú ná 6 mhí le custaiméirí airgeadais atá faoi réir fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 0 %, 5 % nó 10 % i gcomhréir le hAirteagal 428r(1), pointe (g), le hAirteagal 428s(1), pointe (b) agus le hAirteagal 428v, pointe (a);

(e) an tionchar a bheadh ag tabhairt isteach fachtóirí cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh is airde nó is ísle le haghaidh idirbhearta um maoiniú urrús, go háirithe idirbhearta ag a bhfuil aibíocht iarmharach is lú ná 6 mhí, le custaiméirí airgeadais, ar na nithe seo a leanas:

(i) struchtúr praghsanna na n-idirbheart sin; agus

(ii) leachtacht mhargaidh sócmhainní a fhaightear mar chomhthaobhacht sna hidirbhearta sin, go háirithe bannaí ceannasacha agus bannaí corparáideacha;';

(2) scriostar míreanna 7 agus 8.

*Airteagal 2*
***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón 29 Meitheamh 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

<u>**RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH**</u>

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH ... 3
1.1. Teideal an togra/tionscnaimh ... 3
1.2. Réimsí beartais lena mbaineann ... 3
1.3. Cuspóirí ... 3
1.3.1. Cuspóirí ginearálta ... 3
1.3.2. Cuspóirí sonracha ... 3
1.3.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil coinne leo ... 3
1.3.4. Táscairí feidhmíochta ... 3
1.4. Baineann an togra/tionscnamh le: ... 4
1.5. Forais an togra/tionscnaimh ... 4
1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh ... 4
1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar thosca éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin. ... 4
1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart ... 4
1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile ... 5
1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh ... 5
1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige ... 6
1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme ... 6
2. BEARTA BAINISTÍOCHTA ... 8
2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe ... 8
2.2. Córais bhainistíochta agus rialaithe ... 8
2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe ... 8
2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú ... 8
2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár) ... 8

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc ..................... 9
3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH ..................... 10
3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar..................... 10
3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe ..................... 12
3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí ..................... 12
3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar..................... 12
3.2.1.2. Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha ..................... 17
3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí ....... 22
3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe riaracháin ............. 24
3.2.3.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar..................... 24
3.2.3.2. Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha ..................... 24
3.2.3.3. Iomlán na leithreasuithe ..................... 24
3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach..................... 25
3.2.4.1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar..................... 25
3.2.4.2. Nithe arna maoiniú ó ioncaim shannta sheachtracha ..................... 26
3.2.4.3. Iomlán na n-acmhainní daonna a bheidh riachtanach ..................... 26
3.2.5. Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha ..................... 28
3.2.6. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha ..................... 28
3.2.7. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe..................... 28
3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam ..................... 29
4. GNÉITHE DIGITEACHA..................... 29
4.1. Riachtanais a bhaineann le hábhar maidir le cúrsaí digiteacha..................... 30
4.2. Sonraí ..................... 30
4.3. Réitigh dhigiteacha..................... 31
4.4. Measúnú idir-inoibritheachta ..................... 31
4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach ..................... 32

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa a mhéid a bhaineann le ceanglais le haghaidh idirbhearta um maoiniú urrús faoin gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí.

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Cobhsaíocht airgeadais agus seirbhísí airgeadais.

### 1.3. Cuspóirí

*1.3.1. Cuspóirí ginearálta*

Tá dhá chuspóir ghinearálta ann: (i) feidhmiú leormhaith agus éifeachtúil idirbhearta um maoiniú urrús agus margaí comhthaobhachta a choinneáil ar bun, go háirithe margaí fiachais cheannasaigh; agus (ii) cothrom iomaíochta idirnáisiúnta a choinneáil ar bun, i gcomhréir le cuspóirí chaighdeáin Basel.

*1.3.2. Cuspóirí sonracha*

Tá trí chuspóir shonracha ag baint leis an dá chuspóir ghinearálta: (i) a áirithiú go leanfaidh leachtacht agus struchtúr costais idirbhearta um maoiniú urrús agus margaí comhthaobhachta de bheith iomchuí; (ii) méadú míchuí ar chostais chistiúcháin do bhainc an Aontais agus do na Ballstáit ar mhargaí cistiúcháin gearrthéarmacha a sheachaint; agus (ii) comhsheasmhacht na láimhseála cistithe chobhsaí atá ceangailte san Aontas le dlínsí móra eile a áirithiú.

*1.3.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil coinne leo*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Cuireann an togra leis an méid seo a leanas: (i) sreafaí leachtachta leordhóthanacha a áirithiú idir bainc agus gníomhaithe sa mhargadh trí idirbhearta comhthaobhaithe san Aontas; (ii) cothrom iomaíochta idirnáisiúnta a choinneáil ar bun do bhainc an Aontais; agus (iii) costais chistiúcháin a chobhsú do bhainc an Aontais agus do na Ballstáit.

*1.3.4. Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

Molann an Coimisiún sainordú le haghaidh an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh chun faireachán, athbhreithniú agus tuairisciú a dhéanamh don Choimisiún gach 5 bliana, go háirithe maidir le tionchar an bhirt atá beartaithe ar leachtacht margaidh sócmhainní a fhaightear mar chomhthaobhacht in idirbhearta um maoiniú urrús.

### 1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:

☐ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal / réamhbheart[16]

☒ síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

[16] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó pointe (b) den Rialachán Airgeadais.

### 1.5. Forais an togra/tionscnaimh

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Leis an tionscnamh, beartaítear an láimhseáil reatha a dhéanamh buan le haghaidh idirbhearta um maoiniú urrús agus idirbhearta neamhurraithe ag a bhfuil aibíocht iarmharach is lú ná 6 mhí, le custaiméirí airgeadais. Tiocfaidh deireadh leis an láimhseáil atá ann faoi láthair an 28 Meitheamh 2025. Dá réir sin, ní chuireann sé ceanglais nua ar bhainc an Aontais. Ba cheart teacht i bhfeidhm an bhirt atá beartaithe a bheith chomh gar agus is féidir don 28 Meitheamh 2025.

*1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar thosca éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.*

Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (*ex ante*) — Ós rud é go bhfuil sé d'aidhm ag an mbeart atá beartaithe reachtaíocht an Aontais atá ann cheana a leasú, is fearr is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais seachas trí thionscnaimh náisiúnta éagsúla. Chun cuspóirí mhargadh aonair an Aontais a bhaint amach, tá sé ríthábhachtach a áirithiú go gcuirfear an beart atá beartaithe i bhfeidhm ar bhonn caighdeánach, go ndéanfar cleachtais mhaoirseachta ghaolmhara a chóineasú agus go mbeidh cothrom iomaíochta ann ar fud an mhargaidh aonair do sheirbhísí baincéireachta.

Breisluach AE a mheastar a ghinfear (*ex post*) — Bheadh sé deacair bearta náisiúnta a ghlacadh ó thaobh an dlí de ós rud é go bhfuil an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil infheidhme go díreach agus go rialaítear ceanglais leachtachta baincéireachta agus ceanglais stuamachta cistiúcháin leis cheana féin ar an leibhéal náisiúnta. Ina theannta sin, tá gá le híosleibhéal comhchuibhithe agus comhsheasmhachta ar fud na mBallstát chun cuspóirí an mhargaidh aonair a bhaint amach.

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Tá an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil infheidhme go díreach ar fud an Aontais agus tá ceanglais leachtachta baincéireachta agus ceanglais stuamachta cistiúcháin á rialú aige cheana féin i ngach Ballstát. Áirithítear leis sin cur i bhfeidhm na mbeart stuamachta ar bhonn caighdeánach, an cóineasú is gá i gcleachtais mhaoirseachta agus cothrom iomaíochta ar fud an mhargaidh aonair do sheirbhísí baincéireachta, arb iad is bonn le hiomaíocht fhónta ar fud an Aontais.

*1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Neamhbhainteach le haghaidh an togra seo — níl aon tionchar buiséadach leis.

*1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Neamhbhainteach le haghaidh an togra seo — níl aon tionchar buiséadach leis.

**1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige**

☐ **tréimhse theoranta**

– ☐ i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

– ☐ tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☐ **tréimhse theoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

**1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme**[17]

☐ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☐ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ a dhéanann na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí)

– ☐ an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais

– ☐ comhlachtaí dlí poiblí

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus a soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh

– ☐ comhlachtaí nó daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta sonracha de chuid an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar comhlachtaí nó daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha

– ☐·comhlachtaí arna mbunú i mBallstát, arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit nó ag dlí an Aontais agus atá incháilithe le go gcuirfear de chúram orthu, i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha, cistí an Aontais nó ráthaíochtaí buiséadacha a chur chun feidhme, a mhéid a bhíonn na comhlachtaí sin á rialú ag comhlachtaí dlí poiblí nó ag comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach a bhfuil misean seirbhíse poiblí

[17] Tá mionsonraí maidir le modhanna trína gcuirfear an buiséad chun feidhme le fáil ar an suíomh gréasáin BUDGpedia, chomh maith le tagairtí don Rialachán Airgeadais: https://myintracomm.ec.europa.eu/corp/budget/financial-rules/budget-implementation/Pages/implementation-methods.aspx.

acu, agus a mhéid a sholáthraíonn na comhlachtaí rialúcháin ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh i bhfoirm dliteanas comhpháirteach agus leithleach nó ráthaíochtaí airgeadais coibhéiseacha, agus ar ráthaíochtaí iad a d'fhéadfadh, le haghaidh gach birt, a bheith teoranta d'uasmhéid thacaíocht an Aontais.

Nótaí

| |
|---|
| Neamhbhainteach le haghaidh an togra seo — níl aon tionchar buiséadach leis. |

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

| |
|---|
| Neamhbhainteach le haghaidh an togra seo — níl aon tionchar buiséadach leis. |

### 2.2. Córais bhainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

| |
|---|
| Neamhbhainteach le haghaidh an togra seo — níl aon tionchar buiséadach leis. |

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

| |
|---|
| Neamhbhainteach le haghaidh an togra seo — níl aon tionchar buiséadach leis. |

*2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)*

| |
|---|
| Neamhbhainteach le haghaidh an togra seo — níl aon tionchar buiséadach leis. |

### 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

| |
|---|
| Neamhbhainteach le haghaidh an togra seo — níl aon tionchar buiséadach leis. |

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar

| Neamhbhainteach le haghaidh an togra seo — níl aon tionchar buiséadach leis. |
|---|

- Línte buiséid atá ann cheana

*In ord* *cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN[18]. | ó thíortha de chuid CSTE[19] | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha[20] | Ó thríú tíortha eile | ioncam sannta eile |
| | [XX.YY.YY.YY] | LD/LN | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |
| | [XX.YY.YY.YY] | LD/LN | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |
| | [XX.YY.YY.YY] | LD/LN | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

*In ord* *cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN | ó thíortha de chuid CSTE | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha | ó thríú tíortha eile | ioncam sannta eile |
| | [XX.YY.YY.YY] | LD/LN | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |
| | [XX.YY.YY.YY] | LD/LN | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |
| | [XX.YY.YY.YY] | LD/LN | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |

18 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

19 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

20 Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

## 3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

### *3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

– ✠ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos

#### *3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | Uimhir | |
|---|---|---|

| AS: <…….> | | | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | IOMLÁN CAI 2021- 2027 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | |
| Líne bhuiséid | Gealltanais | (1a) | | | | | **0.000** |
| | Íocaíochtaí | (2a) | | | | | **0.000** |
| Líne bhuiséid | Gealltanais | (1b) | | | | | **0.000** |
| | Íocaíochtaí | (2b) | | | | | **0.000** |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach clár sonrach[21] | | | | | | | |
| Líne bhuiséid | | (3) | | | | | **0.000** |
| **IOMLÁN leithreasuithe i gcomhair AS <…….>** | Gealltanais | =1a+1b +3 | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** |
| | Íocaíochtaí | =2a+2b +3 | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** |
| AS: <…….> | | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN CAI 2021- 2027** |
| Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | |
